
# 1 Dhá Éan Bheaga




* Léigh an dán le puipéid. Roghnaigh beirt pháistí le cuidiú leat.


* Dírigh aird ar thúsfhuaimeanna cuid de na príomhfhocail. Léigh ó chlé go deas.

* Scríobhaigí an dán mar ghrúpa, scríbhneoireacht mhúnlaithe, ag díriú airde ar thús abairtí, ar litreacha, ar phoncaíocht, ar spásáil agus ar fhuaimeanna.

* Thiocfadh leis na páistí puipéid a dhéanamh le bata ealaíne agus cairtchlár gearrtha i gcruth éin. Thiocfadh leo cleití a ghreamú don chairtchlár.

* Déan balla cosúil leis an cheann sa leabhar agus tabhair ar na páistí sealanna a ghlacadh an dán a rá i mbeirteanna lena gcuid puipéad.

# 1 Tar ar ais, a Mháire!




* An teanga, na frásaí a phlé roimh ré le gníomhaíochtaí - **tar ar ais** (ag déanamh tagartha don dán 'Dhá Éan Bheaga'), **ag dreapadh**, **ag luascadh**, **ag eitilt**, **ag preabadh**, **slán sábháilte**.


* Amharcaigí ar na pictiúir, cuir ceist ar na páistí cad é atá an cailín a dhéanamh. Ansin cuir méar ar an fhocal a insíonn sin dúinn. Léigh an leabhar leo, ag díriú airde ar bhogadh ó chlé go deas.

* Tabhair ar na páistí an scéal a léamh arís ina mbeirteanna, páirt an chailín ag duine amháin, páirt na pearóide ag an duine eile.

* Scríobh na focail a insíonn dúinn cad é a bhí an cailín a dhéanamh ar leathanach mór – dírigh aird ar an fhocal 'ag'. Pléigí focail eile le 'ag' rompu. Ciallaíonn sé go bhfuil duine ag déanamh ruda.

* Lig do na páistí na focail 'Tá mise ag ___' a scríobh. Cuidigh leo rud éigin a scríobh fúthu féin sa spás.

# 1 An tÉan




* Cuir ceisteanna ag úsáid an bhriathair 'thug', m.sh. "Cad é a thug an gasúr don éan?" (Fuaimniú 'Thug' – go ndéanann an 'h' an litir roimhe ciúin – séimhíonn sé í – do pháistí a aithníonn nach gcluintear an "T")

* Léigí an leabhar le chéile ag amharc ar fhuaimeanna, ar spásáil, ar bhogadh ó chlé go deas.


* Úsáid lipéid leis na focail 'thug', 'mé' agus 'don' scríofa orthu. Iarr ar na páistí na focail seo a aimsiú sa leabhar.

* Clúdaigh na focail 'mé' agus 'don' le lipéad glan. Iarr ar na páistí na focail a scríobh ar an lipéad leis an bhearna a líonadh. Bain na lipéid nuair atá siad réidh lena seiceáil.

* Má tá peata éin ar fáil, tabhair isteach sa rang é le haire a thabhairt dó.

* Póstaer a dhéanamh mar rang 'Aire a Thabhairt d'Éan'. Lipéid a chur air.

# 1 Patrúin




* Amharc ar chlúdach an leabhair leis na páistí. Pléigí na stríocaí, na spotaí agus na dathanna. Meaitseáil an pictiúr den liopard leis an phatrúin ar an chlúdach.

* Dírigh aird ar an athrá, focal amháin ag athrú gach uair, ach leid mhór sa phictiúr agus sa phatrún.

* Léigh an leabhar leis na páistí ag amharc ar na focail, na fuaimeanna – an focal ‘Amharc’ a phlé. (Do na páistí a thugann faoi deara - Déanann an ‘h’ an litir a tháinig roimhe ciúin, mar sin, ní chluinimid an ‘m’.  An focal ‘bhfeicfidh’ a phlé – go minic bíonn an fhuaim ‘v’ leis na litreacha ‘bh’. Sampla eile ‘Bhí’.)

* Pléigh túslitreacha na bhfocal ‘Iasc’, ‘féileacán’, ‘séabra’, ‘sliogán’ agus ‘bláth’. Abair focail eile a thosaíonn leis na fuaimeanna céanna.

# 1 Cé atá ar an Fheirm?




* Pléigh ainmhithe leis na páistí roimh ré. Cad iad na hainmhithe a shíleann siad a bheidh sa leabhar seo? Déan liosta ar leathanach mór.

* Pléigh an comhartha ceiste sa teideal. Cad é a chiallaíonn sé? Cad é mar a léann tú é?

* Athrá tríd an scéal agus focal amháin ag athrú ar gach leathanach.

* Ainmhithe óga sna pictiúir fosta –ainmnigh iad. Capall agus searrach (searraigh), caora agus uan (uain), madadh agus coileán (coileáin), muc agus banbh (bainbh), cearc agus sicín (sicíní), cat agus piscín / puisín (piscíní / puisíní).

* Tabhair lipéid do na páistí leis na focail ‘Tá’, ‘ar’, ‘an’ agus ‘feirm’ orthu.


* Déan liosta leis na páistí de na hainmhithe atá sa leabhar. Scríobh an leathanach ar a bhfuil sé sa leabhar in aice le gach ainmhí. Gearr an liosta ina stiallacha agus tabhair ceann do gach páiste. Iarr ar na páistí an t-ainmhí sin a aimsiú ar an leathanach sin.

* Déan **Innéacs** leis na páistí agus greamaigh an t-eolas seo in ord aibítre ar leathanach mór mar innéacs don leabhar agus úsáid é le heolas a chuardach.

* Déan leabhar mór ranga dar teideal ‘Cé atá ar an Fheirm?’ Amharc ar an liosta a rinne sibh ag an tús agus cuir leis. Tabhair ar na páistí pictiúir a dhéanamh de na hainmhithe agus abairt a scríobh le dul leo. Greamaigh na pictiúir agus na habairtí i leabhar mór.

* Cuir ainm gach ainmhí ar chlár. Iarr ar na páistí a lámha a chur in airde don ainmhí is fearr leo. Cuir marcanna minicíochta in aice le hainmneacha na n-ainmhithe. Déan cuntas orthu le chéile – pléigí an ceann is fearr leo.

# 1 Chonaic Mé



* Athrá ar gach leathanach, dhá fhocal a athrú gach uair san áit chéanna.

* Déan cuntas ar na rudaí sa phictiúr le bheith ábalta an focal úr a léamh.

* Cuntas siar óna seacht.

* Focail ardmhinicíochta – **chonaic**, **mé**.

* Léigh an leabhar leis na páistí, ag cuntas ar gach leathanach.


* An radharc ar gach leathanach, m.sh. lth. 6-7 táimid ag amharc trí na déshúiligh. Déshúiligh a bheith agat.

* Úsáid déshúíligh le cluiche a imirt – amharc isteach sna déshúiligh, cad é a chonaic tú? Chonaic mé rud atá ...... (mór, beag, glas srl.) Chonaic mé rud a thosaíonn le **t, s, g** srl. Thiocfadh seo a dhéanamh ó bhéal nó é a dhéanamh mar cheacht scríbhneoireachta.

* Dírigh aird ar na huimhreacha (na focail) ar gach leathanach, ainmnigh an chéad litir, scríobh ar leathanach mór iad. Scríobh an uimhir (digit) in aice leis.

* Cad é an t-ainmhí a théann le gach uimhir, abair leis na páistí pictiúir a tharraingt le dul leis na huimhreacha, m.sh. má tá siad ag caint ar uimhir a seacht, go ndéanfaidh siad seacht n-éan taobh leis an fhocal agus an digit a scríobh isteach fosta.

# 1 Mo Theach




* Amharcaigí ar chlúdach an leabhair agus ar ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar.

* Pléigí na pictiúir sa leabhar agus amharcaigí tríd an leabhar le chéile.

* Amharcaigí ar an fhocal **mo** atá sa teideal. Amharc tríd an leabhar agus iarr ar na páistí an focal **mo** a aimsiú ar gach leathanach.

* Déan an rud céanna leis an fhocal **seo** ar gach leathanach.

* Úsáid lipéid glan leis an fhocal **mo** nó **seo** a chlúdach. Tabhair lipéid ghlana nó réamhscríofa do na páistí agus iarr orthu an bhearna a líonadh leis an fhocal cuí.

* Cuidigh leis na páistí leis an fhoclóir nua, **luascán**, **dreimire**, **teach crainn.** Pléigí ciall na bhfocal, na fuaimeanna agus na litrithe.

* Déanaigí liosta ar lch. mór le samplaí eile. m.sh. **Seo mo _______ .** B’fhéidir gur mhaith leat a lua leis na páistí (go hairithe dóibh siúd a chuireann ceist) go mbíonn an chéad litir séimh (séimhithe) i ndiaidh **mo**.


* Pléigí an pictiúr ar lch.16. Pléigí úsáid na lipéad. Iarr ar na páistí pictiúr a dhéanamh de theach s’acu féin ag úsáid lipéad leis an eolas a léiriú.

# 1 Leathanach Measúnaithe

| Moltaí | Measúnú | Torthaí Foghlama |
|---|---|---|
| Tabhair an leabhar don pháiste. Abair **“..... an teideal atá ar an leabhar seo. An dtig leat an clúdach a thaispeáint dom? Anois cuir do mhéar ar an teideal. Taispeáin dom an litir B,”** (nó cibé túslitir atá sa teideal). | An aithníonn an páiste:<br>-an clúdach tosaigh? ❑<br>-an teideal ❑<br>-an litir B? ❑ | |
| Oscail an leabhar ag an leathanach teidil. Abair **“Cuir do mhéar ar na focail. Cuir do mhéar ar an phictiúr.” Abair “Cad é atá ag tarlú sa phictiúr?”** | Ar an leathanach teidil, an aithníonn an páiste:<br>-na focail? ❑<br>-na pictiúir? ❑<br>An bhfuil an páiste ábalta labhairt ar an phictiúr? ❑ | |
| Oscail an leabhar ag an chéad chúpla leathanach. Abair **“Léifidh mise na leathanaigh seo. Taispeáin dom cá háit ar chóir dom tosú. Taispeáin dom an bealach le dul nuair atá mé ag léamh.”** | An bhfuil a fhios ag an pháiste:<br>-cá háit le tosú ag léamh? ❑<br>-gur ó chlé go deas a léitear? ❑ | |
| Roimh thosú ag léamh abair **“Cuir thusa do mhéar ar gach focal a léim.”** | An dtig leis an pháiste méar a dhíriú ar gach focal de réir mar a léitear é? ❑ | |
| Léigh an chéad leathanach eile leis an pháiste. Abair **“Déan ciorcal thart ar fhocal amháin le do mhéar. Anois taispeáin dom an spás idir dhá fhocal.”** | An aithníonn an páiste:<br>-focal? ❑<br>-na spásanna idir na focail? ❑ | |
| Roghnaigh leathanach eile sa leabhar. Cuir ceist ar an pháiste ar dtús faoin phictiúr. Abair **“Anois léigh an abairt seo. Cuir do mhéar ar gach focal nuair a deir tú é**.” | An aithníonn an páiste na rudaí sa phictiúr? ❑<br>An ndíríonn an páiste méar ar na focail? ❑ | |
| Iarr ar an pháiste an chuid eile den leabhar a léamh, ag amharc ar na pictiúir agus ag léamh an téacs. | An aithníonn an páiste na rudaí sa phictiúr? ❑<br>An dtig leis an pháiste na habairtí a léamh? ❑ | |

2

# Déan Císte




* Amharcaigí ar an chlúdach le chéile. Léigí an teideal, amharcaigí ar na grianghraif.

* Léigh an dán leis na páistí. Cuir méar faoi gach focal, labhair faoin treo, ó chlé go deas. Tabhair ar na páistí méar a dhíriú ar na focail fosta agus iad ag léamh. Pléigh an dán agus na grianghraif leo.

* Faigh leathanach mór. Scríobh teideal an dáin air. Aimsigh na focail a fheiceann tú níos mó ná uair amháin sa dán. **Déan**, **císte**, **é**. Clúdaigh cuid de na focail le lipéad glan agus tabhair ar na páistí teacht agus an bhearna a líonadh.


* Iarr ar na páistí pictiúr a dhéanamh den bhia is fearr leo. Cuidigh leo lipéad a scríobh leis, **Seo** _____

* Tabhair ábhair ealaíne do na páistí le colláis a dhéanamh le cístí a mhaisiú.

* Scríbhneoireacht mhúnlaithe – Scríobh an dán ar leathanach mór leis na páistí. Dírigh aird ar phoncaíocht, treo na scríbhneoireachta, línte nua, an abairt a théann thar dhá líne, comhartha uaillbhreasa ag an deireadh.

* Déan taispeántas den dán agus de na cístí.

# 2 An Fear Sinséir




* Úsáid an clár ag tús an leabhair. Gabh chuig leathanach a sé agus taispeáin uimhir an leathanaigh do na páistí sa choirnéal ag bun an leathanaigh.

* Plé leabhair oidis leo. (Féach “Páistí sa Chistin” An Gúm.)

Lth. 16-17 – téann an téacs thar dhá líne.

* Cuir ceisteanna ar na páistí le freagraí a fháil, m.sh. **Cad é a rinne an gasúr?** Freagróidh siad le **Chuir sé....**

* Gabh siar ar rainn leo, m.sh. Súil, súil eile, a haon, a dó.

* Lth. 18 Cuir an leathanach seo i gcomparáid leis an scéal sa leabhar mór ‘An Fear Sinséir’. (Ritheann an fear sinséir leis)


* Scríobh na focail súile, srón, béal ar leathanach mór. Dírigh aird ar na focail seo i leabhair na bpáistí.

* Pléigh na frásaí **chuir mé**, **rinne mé** agus **d’ith mé**. Focail a chuireann síos ar rud a dhéanann tú.

* Déan fir sinséir leis na páistí.

* Tabhair fear sinséir déanta de pháipéar do gach páiste. Tabhair ar na páistí scríobh ar a gcúl, **Chuir mé ____ air**.

# 2 Pancóga




* Úsáid an clár leis an chuid seo den leabhar a aimsiú.

* Poncaíocht – pléigh comharthaí cainte, comharthaí uaillbhreasa.

* Úsáid an focal **oideas** leo – liosta a dhéanamh de na hábhair atá de dhíth.


* Plé na focail **arsa**, agus **le do thoil**. Scríobh ar leathanach mór iad.

* Cuir na páistí ina mbeirteanna – duine ag léamh pháirt Mhamó agus an duine eile ag léamh pháirt Shorcha.

* Déan pancóga sa rang.

* Déan pictiúir, cuir lipéid leo, de gach rud a bhí de dhíth.

# 2 Lá Breithe Sona




* Pléigh teideal, údar, grianghrafadóir, blurba an leabhair.

* Cuir an cheist atá ar lth.2 agus amharc ar an pholl ar lth. 3. Cuir ceist orthu **Cén dath atá ar a hata?**

* Pléigh comharthaí ceiste. Léigí an leabhar le chéile.

* Déan liosta de na dathanna ar leathanach mór, le peann den dath céanna más féidir é.

* Tabhair stiallacha páipéir do na páistí leis na habairtí **Cé atá ann? Seán atá ann**. scríofa orthu. (Ainmneacha na bpáistí sa rang). Tabhair orthu an stiall pháipéir cheart a thabhairt don duine ceart.

# 2 Is Maith Linn Patrúin!




* Amharc ar phatrúin atá thart orthu.

* Dóigheanna difriúla le patrúin a dhéanamh – amharc ar an leabhar, amharc ar na pictiúir.

* Úsáid an clár – is féidir an leabhar a léamh in ord ar bith.

* Léigh an leabhar leis na páistí.

* Roghnaigh an leathanach is fearr leat.

* Scríobh na focail **Tá mé ag** ___ ar leathanach mór. Críochnaigh an abairt le focail éagsúla, molta ag na páistí.

* Plé – cad é an úsáid a bhí leis na patrúin? Lch. 16

* Pléigh na focail **stampáil**, **séideadh**, **priontáil**, **fí**, **cuimilt**, **péinteáil**. Amharc ar na túslitreacha agus focail eile a bhfuil na túslitreacha céanna acu.

* Déan patrúin don ealaín.

* Tabhair stiall pháipéir do gach páiste le **Tá mé ag** ____ scríofa uirthi. Lig do na páistí an abairt a chríochnú.

# 2 Ag Dul ar Scoil




* Comhrá – na héadaí a chaitheann tú sa gheimhreadh. Déan liosta.

* Amharcaigí ar na pictiúir le chéile, luaigh na comharthaí cainte srl.

* Cuir na héadaí atá luaite sa leabhar i gcomparáid leis an liosta, b'fhéidir tic a chur le rudaí atá luaite sa leabhar.

* Amharc ar an téacs, ceisteanna a chur, **Cad é a dúirt Mamaí? Cad é a dúirt Cathal?**


* Pléigh comhartha ceiste, uaillbhreasa, camóga srl..

* Déan pictiúr le lipéid – tú féin gléasta le dul amach sa gheimhreadh.

* Scríobh faoin dóigh a ngléasann tú féin le dul amach ar scoil. Tabhair tacaíocht do na páistí trí thúsfhuaimeanna a dhéanamh d'fhocail.

2

# An Fear Sneachta




* Pléigh teideal, údar, pictiúir, blurba an leabhair.

* Léigh an leabhar.

* Amharc ar abairtí a théann thar dhá líne.

* Déan comparáid idir an leabhar seo agus ‘An Fear Sinséir’.

* Pléigh comharthaí cainte agus comharthaí uaillbhreasa ( lth. 14).


* Déan liosta ar leathanach mór **súile**, **srón**, **béal**, **lámha**, **hata**.

* Déan seicheamh le cur in ord.

## 2 Leathanach Measúnaithe

| Moltaí | Measúnú | Torthaí Foghlama |
|---|---|---|
| Tabhair an leabhar don pháiste. Abair **“..... an teideal atá ar an leabhar seo. An dtig leat an clúdach a thaispeáint dom? Anois cuir do mhéar ar an teideal. Taispeáin dom an litir B,”** (nó cibé túslitir atá sa teideal). | An aithníonn an páiste:<br>-an clúdach tosaigh? ❑<br>-an teideal? ❑<br>-an litir B? ❑<br>-an fhuaim a dhéanann an litir sin? ❑ | |
| Oscail an leabhar ag an leathanach teidil. Abair **“Cuir do mhéar ar na focail. Cuir do mhéar ar an phictiúr.” Abair “Cad é atá ag tarlú sa phictiúr?”** | Ar an leathanach teidil, an aithníonn an páiste:<br>-na focail? ❑<br>-na pictiúir? ❑<br>An bhfuil an páiste ábalta labhairt ar an phictiúr? ❑ | |
| Oscail an leabhar ag an chéad chúpla leathanach. Abair **“Léifidh mise na leathanaigh seo. Taispeáin dom cá háit ar chóir dom tosú. Taispeáin dom an bealach le dul nuair atá mé ag léamh.”** | An bhfuil a fhios ag an pháiste:<br>-cá háit le tosacht ag léamh? ❑<br>-gur ó chlé go deas a léitear? ❑ | |
| Roimh thosú ag léamh abair **“Cuir thusa do mhéar ar gach focal a léim.”** | An dtig leis an pháiste méar a dhíriú ar gach focal de réir mar a léitear é? ❑ | |
| Léigh an chéad leathanach eile leis an pháiste. Abair **“Déan ciorcal thart ar fhocal amháin le do mhéar. Anois taispeáin dom an spás idir dhá fhocal.”** | An aithníonn an páiste:<br>-focal? ❑<br>-na spásanna idir na focail? ❑ | |
| Roghnaigh leathanach eile sa leabhar. Cuir ceist ar an pháiste ar dtús faoin phictiúr. Abair **“Anois léigh an abairt seo. Cuir do mhéar ar gach focal nuair a deir tú é.”** | An aithníonn an páiste na rudaí sa phictiúr? ❑<br>An ndíríonn an páiste méar ar na focail? ❑<br>An dtig leis an pháiste focal áirithe a aimsiú? ❑<br>An aithníonn sé/sí lánstad? ❑ | |
| Iarr ar an pháiste an chuid eile den leabhar a léamh, ag amharc ar na pictiúir agus ag léamh an téacs. | An aithníonn an páiste na rudaí sa phictiúr? ❑<br>An dtig leis an pháiste na habairtí/treoracha a léamh? ❑ | |

# 3 An Cat sa Teach



* Pléigh an teideal, an clúdach agus an blurba.

* Inis an scéal ar lth. 32. Lig do na páistí an scéal a insint nó cur leis an scéal.

* Léigí an clár le chéile. Amharcaigí ar an phictiúr a théann le gach teideal agus ar uimhir an leathanaigh.

* Léigí teideal an dáin le chéile.

* Pléigh an pictiúr.

* Léigí an dán. Pléigí an dán.

* Pléigh an focal 'do' ar lch. 4. Bhí 'mo' ar gach líne eile.

* Na frásaí 'Is maith liom mo...' agus 'Is maith liom do...' a phlé.

* Scríobh na frásaí seo ar leathanach mór agus lig do na páistí moltaí a thabhairt , msh. **Is maith liom mo chara / gheansaí / mhúinteoir srl**. (Is féidir a lua leis na páistí go gcuirtear 'h' nó séimhiú isteach i ndiaidh 'mo' agus 'do')

* Léigh an dán arís agus iarr ar na páistí mím a dhéanamh ag taispeáint na gcodanna den chorp atá luaite.

* Amharcaigí ar fhocail a chríochnaíonn le 'a', **cluasa**, **crúba**, **rua**, **leaba....** cuirigí leis an liosta.


* Pléigí na focail 'teach' agus 'amach' a chríochnaíonn ar 'ach'. Cuirigí leis an liosta, msh. isteach, ach, nach srl.

* Tabhair stiall pháipéir do na páistí le líne ón dán réamhscríofa uirthi nó iarr ar na páistí líne áirithe ón dán a chóipeáil. Ansin iarr orthu na stiallacha a chur san ord ceart.

* Thiocfadh leis na páistí na stiallacha atá scríofa acu féin a ghreamú ar leathanach mór agus é a mhaisiú le pictiúir s'acu féin.

* Scríbhneoireacht mhúnlaithe – Scríobhaigí an dán le chéile ar leathanach mór ag díriú airde ar thús a chur le líne, ar cheannlitreacha, ar lánstadanna, ar chomharthaí uaillbhreasa agus ar na focail a dhéanann rím. Thiocfadh leat scríobh le dathanna difriúla le béim a chur ar na rudaí seo.

# 3 Oíche Mhaith, a Chití




* Labhair leis na páistí faoi chait, na fuaimeanna a dhéanann siad  agus taithí s'acu féin leo.

* Úsáid **cloze** le béim a chur ar theanga shuímh atá sa leabhar, msh. síos, suas, ar.

* Mínigh gur gasúr atá ag insint an scéil. Tá caint sa chéad phearsa uatha ar lch. 18.

* Léigí an teideal le chéile. Dírigh aird ar an chamóg sa teideal.

* '**A** Chití,' samplaí eile a thabhairt, **A** Mháire, **A** Phádraig, **A** mhúinteoir srl.

* Léigh an scéal leis na páistí ag úsáid pictiúr agus ceisteanna mar chuidiú, m.sh. Cá ndeachaigh Cití? Chuaigh Cití...

* Scríobh an focal 'chuaigh' ar leathanach mór. Pléigh na litreacha agus cruth an fhocail.

* Pléigh an focal '**arsa**'. Scríobh amach na samplaí uilig, m.sh. **"Mí-a-ú," arsa Cití**, srl. Iarr ar na páistí samplaí eile a chumadh agus scríobh iad le cuidiú ó na páistí, m.sh. **"Amharc," arsa an múinteoir**.

* Pléigh na túslitreacha – faigh focail eile a thosaíonn leis na litreacha céanna le **C**ití, **M**í-a-ú srl.

* Tabhair píosaí páipéir leis na habairtí a leanas scríofa orthu do na páistí,

_______ ______ síos na céimeanna.


_______ ______ síos an cosán.

_______ ______ suas sa chrann.

_______ ______ isteach ar an fhuinneog.

Caithfidh na páistí **Chuaigh Cití** a chóipeáil ón leabhar agus a scríobh ar na línte.

# 3 Cé a Mhúscail Mollaí?




* Amharc ar an phictiúr ar lch. 20, 21 leis na páistí. Déan cur síos ar an chat. Cuir ceisteanna ar na páistí. Úsáid na focail, **rua**, **falsa**, **ina chodladh**, **tuirseach**.

* Pléigh an teideal. Déan cinnte go n-aithníonn na páistí gur Mollaí an t-ainm atá ar an chat. Dírigh aird s'acu ar an chomhartha ceiste.

* Dhá abairt ar gach leathanach, abairtí ag dul thar dhá líne. Athrá sa dara habairt.

* 'Siúil' tríd an leabhar leis na páistí, ag plé na bpictiúr agus ag cur ceisteanna mar, **Ar mhúscail Mollaí? Cad é a tharla den chrann? Cad é a tháinig chuig an teach? Cad é a tharla nuair a thosaigh an obair? Cad é a tharla nuair a d'oscail an cailín an cuisneoir?**

* Iarr ar na páistí an scéal a léamh leo féin.

* Iarr ar leath an ranga an chéad abairt ar gach leathanach a léamh os ard ansin iarr ar an leath eile an dara habairt ar gach leathanach a léamh os ard.


* Cad chuige ar mhúscail Mollaí sa deireadh? Pléigh an freagra.

* Iarr ar na páistí focail a aimsiú sa leabhar a thosaíonn le **m, g, s, c, t, l, o**. Iarr orthu na focail a léamh de réir mar a aimsíonn siad iad.

* Thiocfadh leis na páistí pictiúir a dhéanamh de chait eile agus abairtí a scríobh le dul leo.

* Iarr ar na páistí scéal/pictiúr a dhéanamh faoi rud eile a mhúsclódh Mollaí, m.sh. canna a oscailt, fuaim ó mhála brioscaí, srl.

# 3 Múscail!




* Ainmnigh ainmhithe locha, frog, turtar, béabhar. Déan liosta ar leathanach mór.

* Plé ainmhithe a mhaireann i gcrainn agus ainmhithe a mhaireann i bpoill leis na páistí. Déan liosta m.sh. iora rua, nathair, béar.

* Léigh an teideal. Luaigh na bláthanna, cad chuige a bhfuil siad ann? An t-earrach?

* Dírigh aird ar abairtí a théann thar dhá leathanach.

* ‘Siúil’ tríd an leabhar leis na páistí. Amharc ar na leideanna sna poill, tabhair ar na páistí a rá cad é an chéad ainmhí eile.

* Cuir ceisteanna orthu, msh. ‘Cén t-ainmhí a mhúscail an turtar?’

* Iarr ar na páistí an leabhar a léamh iad féin.

* Amharc siar ar an liosta a scríobh sibh roimh ré. Cuir i gcomparáid leis na hainmhithe atá sa leabhar é. Scríobh uimhir an leathanaigh in aice le hainmhí ar bith atá sa leabhar.

* An t-earrach a phlé. Amharc tríd an leabhar le comharthaí a chuardach go bhfuil an t-earrach ann.

* Iarr ar na páistí an leabhar a léamh ina mbeirteanna. Thiocfadh le páiste amháin an chéad chuid den abairt a léamh agus an dara páiste an dara cuid a léamh. Thiocfadh leo beirt lch. 22-24 a léamh.


* Tabhair píosa páipéir do gach páiste. Taispeáin dóibh an dóigh leis an pháipéar a fhilleadh agus poll a ghearradh ann. Thiocfadh leo pictiúr a tharraingt agus abairt a scríobh mar atá sa leabhar.

* Thiocfadh leis na páistí pictiúir agus abairtí a scríobh faoi dhá ainmhí eile ag úsáid an struchtúir chéanna leis an leabhar.

* Cuidigh leis na páistí scríobh faoin earrach.

* Déan dráma den scéal, páiste amháin ag léamh agus an chuid eile ag aisteoireacht.

# 3 Ag Fás




* Labhair leis na páistí faoi ainmhithe óga atá feicthe acu, daoine san áireamh. Úsáid na focail chearta, **coileán**, **puisín**, **babaí**. Labhair faoi phlandaí fosta.

* Amharc ar chlúdach an leabhair, léigh 'Ag Fás'. Cuimhnigh ar na focail eile le '**ag**' a scríobh siad roimhe.

* Amharc ar lch. 16. Labhair leo faoin fhocal 'Innéacs'. Mínigh go bhfuil an liosta in ord aibítre. Amharc ar na pictiúir agus léigh na focail leis na páistí. Mínigh go léiríonn an uimhir an áit a bhfuil an t-eolas sin sa leabhar. Léigh an focal '**babaí**' agus oscail an leabhar ag lch. 12 leis an fhocal a aimsiú.

* Amharc ar lch. 14-15. Tá ainmhithe óga agus ainmhithe fásta ann. Iarr ar na páistí iad a mheaitseáil, an t-ainmhí óg leis an ainmhí fásta.

béar – coileán
gabhar – meannán
caora – uan
féileacán – cruimh chabáiste / bolb
eala – eala óg
capall – searrach

* Iarr ar na páistí an leabhar a léamh iad féin.

* Iarr ar na páistí an leabhar a léamh arís ina mbeirteanna, líne an duine.

* Pléigh an focal '**mise**' agus an focal '**mé**' ar lch. 12. Mínigh gur 'mise' an dóigh a gcuireann tú béim ar an fhocal. Luaigh 'tusa', 'sise', 'seisean', 'muidne', 'siadsan', srl.

* Tabhair ar na páistí smaoineamh ar rudaí eile a fhásann nach bhfuil luaite sa leabhar. Iarr orthu abairtí a scríobh fúthu mar atá sa leabhar.

* Déan lipéid do na hainmhithe ar lch.14-15. Tabhair na lipéid do na páistí agus iarr orthu iad a chur leis na hainmhithe cearta.

* Mínigh gurb ionann 'muc óg atá ann', agus 'is muc óg é' (mar atá sna leathanaigh oibre).

# 3 Gráinne Gráinneog




* Pléigh gráinneoga leis na páistí. Cad é atá ar eolas ag na páistí?

* Amharcaigí ar chlúdach an leabhair. Amharcaigí ar na spíonta ar an fhocal ‘Gráinneog’.

* Amharcaigí ar an seilide atá ar an chlúdach cúil. Cad é do bharúil a dhéanfadh gráinneog le seilide? Déan liosta den chineál bia a itheann gráinneoga.

* Athrá sna habairtí tríd an leabhar ach athraíonn na hainmfhocail.

* Ceannlitreacha le ‘Gráinne Gráinneog’, ainm dílis atá ann. Labhair faoi ainmneacha na bpáistí agus ceannlitreacha.

* Uimhir uatha agus uimhir iolra ar gach leathanach, m.sh. seilide / seilidí, cuiteog / cuiteoga, bóín Dé / bóíní Dé, ubh / uibheacha. Labhair faoi fhocail shimplí eile san uimhir uatha agus san uimhir iolra, m.sh. páiste / páistí, madadh / madaí, múinteoir / múinteoirí, tábla / táblaí, cailín / cailíní. Mínigh go mbíonn an deireadh ‘í’ ar fhocail go minic san uimhir iolra, ach ní i gcónaí.

* Pléigh ainmhithe oíche leis na páistí. Tá an ghealach agus na réalta le feiceáil ar gach leathanach.

* ‘Siúil’ tríd an leabhar, ag labhairt faoin bhia, faoin oíche, ag cuntas abairtí ar gach leathanach (lánstadanna). Críochnaíonn an abairt ar lch. 16 le comhartha uaillbhreasa; cad chuige?

* Cuir tús leis an léitheoireacht trí cheisteanna a chur, m.sh. ‘Cad é a deir Gráinne Gráinneog nuair a fheiceann sí seilide?’ Tabhair abairtí iomlána mar fhreagraí.

* Tabhair ar na páistí an leabhar a léamh leo féin.

* Déan comparáid idir an bia atá sa leabhar agus an liosta a scríobh na páistí.

* Amharc ar lch. 4.
Iarr ar na páistí an focal ‘arsa’ a thaispeáint duit.
Iarr ar na páistí an focal ‘seilide’ a thaispeáint duit.
Iarr ar na páistí focal a thosaíonn le ‘b’ a thaispeáint duit.
Iarr ar na páistí an litir ‘í’ ag deireadh ‘seilidí’ a thaispeáint duit.
Iarr ar na páistí na comharthaí cainte / na ceannlitreacha a thaispeáint duit.


* Tabhair píosa páipéir do gach páiste leis an abairt,

* “_______ , _________ ____ ____ ,” arsa Gráinne Gráinneog.

* Úsáid an leabhar mar threoir.

* Lig do na páistí abairt den chineál chéanna a scríobh fúthu féin agus pictiúir a dhéanamh.

# 3 An Faoileán




* Cad é an rud é faoileán? Cineál éin atá ann. An dtig leis na páistí éan ar bith eile a ainmniú, m.sh. spideog (ón Nollaig), gealbhan, buidsí/pearóid (Dhá Éan Bheaga, Céim 1), préachán.

* Pléigh an blurba leis na páistí. An frása, 'Cá bhfuil tú i do chónaí?' a phlé. 'Tá mé i mo chónaí...'

* Pléigh an focal 'D'amharc'. Cuir ceist ar na páistí, **'An bhfeiceann sibh an focal 'Amharc'?' Cad é a rinne an faoileán? D'amharc sé**.

* Thiocfadh leat sampla eile a thabhairt. 'A Sheáin, oscail an doras. Cad é a rinne sé? D'oscail sé an doras.'

* Athrá ar gach leathanach. Athraíonn an t-ainmfhocal ach tá leid sa phictiúr.

* Pléigh na pictiúir. Thiocfadh leis na páistí méar a dhíriú ar rudaí áirithe sna pictiúir.

* Iarr ar na páistí an leabhar a léamh.

* Iarr ar na páistí an leabhar a léamh ina mbeirteanna. Thiocfadh le duine acu páirt an fhaoileáin a dhéanamh le béim a chur ar an chaint.

* Déan pictiúr den áit a bhfuil tusa i do chónaí, scríobh lipéid faoi,
**Tá mise i mo chónaí anseo/Is anseo atá mé i mo chónaí.**

# 3 Leathanach Measúnaithe

| Moltaí | Measúnú | Torthaí Foghlama |
|---|---|---|
| Tabhair an leabhar don pháiste. Abair **"..... an teideal atá ar an leabhar seo. An dtig leat an clúdach a thaispeáint dom? Anois cuir do mhéar ar an teideal. Taispeáin dom an litir B,"** (nó cibé túslitir atá sa teideal). | An aithníonn an páiste:<br>-an clúdach tosaigh? ❑<br>-an teideal? ❑<br>-an litir B? ❑<br>-an fhuaim a dhéanann an litir sin? ❑ | |
| Oscail an leabhar ag an leathanach teidil. Abair **"Cuir do mhéar ar na focail. Cuir do mhéar ar an phictiúr." Abair "Cad é atá ag tarlú sa phictiúr?"** | Ar an leathanach teidil, an aithníonn an páiste:<br>-na focail? ❑<br>-na pictiúir? ❑<br>-cad é atá ag tarlú? ❑ | |
| Oscail an leabhar ag an téacs. Abair **"Léifidh mise na leathanaigh seo. Taispeáin dom cá háit ar chóir dom tosú. Taispeáin dom an bealach le dul nuair atá mé ag léamh. Cuir thusa do mhéar ar gach focal a léim."** | An bhfuil a fhios ag an pháiste:<br>-cá háit le tosú ag léamh? ❑<br>-gur ó chlé go deas a léitear? ❑<br>An dtig leis an pháiste méar a dhíriú ar gach focal de réir mar a léitear é? ❑ | |
| Oscail ag leathanach ar a bhfuil comharthaí cainte. Abair **"Cuir do mhéar ar na comharthaí cainte. Cuir do mhéar ar an chamóg."** | An aithníonn an páiste:<br>-comharthaí cainte? ❑<br>-lánstadanna? ❑<br>-camóga? ❑ | |
| Roghnaigh leathanach don pháiste le léamh agus méar a dhíriú ar na focail. | An gcuireann an páiste méar ar an fhocal agus é/í ag léamh go muiníneach? ❑ | |
| Cuir ceist ar an pháiste faoin phictiúr, (freagra sa téacs). m.sh. **"Cad é a chonaic an faoileán sa phictiúr seo?"** | An dtig leis an pháiste amharc ar an phictiúr agus an freagra ceart a thabhairt? ❑ | |
| Cuir ceist ar an pháiste faoin téacs. (freagra sa téacs),<br>m.sh. **"Cad é a dúirt an faoileán faoin abhainn?"** | An bhfreagraíonn an páiste<br>-Níl mé i mo chónaí anseo? ❑<br>-An ndíríonn sé/sí méar ar an téacs? ❑ | |
| Cuir ceist ar an pháiste, m.sh. **"Cad é do bharúil a déarfaidh an faoileán faoin fharraige?"** | An dtugann an páiste freagra réasúnta? ❑ | |
| Cuir ceist ar an pháiste, m.sh. **"Cad é mar bhí a fhios ag an fhaoileán go raibh sé sa bhaile?"** | An dtugann an páiste freagra réasúnta? ❑ | |

# 4 Ag Seideadh leis an Ghaoth



* Labhair leis na páistí faoi chlúdach tosaigh agus clúdach cúil an leabhair. Labhair leo faoin ghaoth agus faoi theideal an leabhair.

* Amharcaigí ar na pictiúir sa leabhar agus ar an chlár.

* Léigh an dán do na páistí. Iarr orthu na focail a dhéanann rím a phiocadh amach, m.sh. aer / féar.

* Amharc ar an phoncaíocht sa dán. Cad é mar a chuidíonn sé linn an dán a léamh?

* An bhfuil rud ar bith eile sa phictiúr a bhogann an ghaoth?

* Déan mím - tá tú taobh amuigh lá gaofar, coinnigh greim ar do hata, tá eitleog agat, tá tú ag iarraidh greim a fháil ar phíosa páipéir srl. Abair arís is arís eile ‘Ag séideadh leis an ghaoth’.

* Rithim – buail do bhosa le rithim an dáin a léiriú. Iarr ar leath an ranga an rithim a bhualadh fad is atá an leath eile ag léamh an dáin.

* Scríobh an dán ar leathanach mór mar scríbhneoireacht mhúnlaithe. Ainmnigh na litreacha de réir mar a scríobhann tú, labhair faoi phoncaíocht, ciall na bhfocal agus rím.

* Déan agus gearr amach duilleoga leis na páistí leis an dán a mhaisiú.

# 4 Hata Dhaidí



* Labhair faoin phictiúr ar lch. 6-7. Labhair leo faoi thaithí s'acu féin leis an ghaoth.

* Amharc ar na pictiúir leis na páistí agus cuir ceisteanna orthu a chuideoidh leo an leabhar a léamh, m.sh. 'Cá háit ar shéid an ghaoth hata Dhaidí?', 'Cad é a dúirt an lon dubh/gealbhan?' 'Cad é mar a tháinig hata Dhaidí anuas den chrann?'

* Labhair leis na páistí faoi na comharthaí cainte agus an chiall atá leo.

* Iarr ar na páistí camóg, lánstad agus comhartha uaillbhreasa a thaispeáint agus a mhíniú.

* Úsáid clár an leabhair leis an scéal a aimsiú.

* Iarr ar na páistí an leabhar a léamh. Ba chóir go mbeadh na focail **amharc**, **atá**, **ann**, **arsa**, **an**, **sa**, **Daidí acu**. Cuir ceisteanna orthu leis an chuid eile a léamh, m.sh. 'Cad é a rinne an ghaoth?'

* Cuidigh leo leis na focail nua. Amharc ar thúslitreacha agus fuaimeanna. Tá an focal **dubh** i 'lon dubh' agus sin an dath atá air.

* Thiocfadh leis na páistí leabhar ranga a dhéanamh faoi lá gaofar/hata nua.

# 4 Tar ar ais, a hata!



* Déan comparáid idir an pictiúr seo agus an pictiúr in ‘Hata Dhaidí’ sa pháirc.

* Dírigh aird ar an chamóg agus ar na comharthaí cainte sa teideal.

* Iarr ar na páistí an teideal a aimsiú sa chlár. Léigh ainmneacha an údair agus an mhaisitheora.

* Amharc ar na pictiúir leis na páistí, cad é a shíleann siad atá daoine a rá i ngach pictiúr. Úsáid na focail **ceist** agus **freagra**, m.sh. ‘Cad é an cheist a chuir Mamaí ar an fhear oibre?’ ‘Cad é an freagra a thug an fear oibre?’

* Bhí an frása ‘Shéid an ghaoth’ acu sa scéal ‘Hata Dhaidí’ cuir i gcuimhne do na páistí.

* Amharc ar an léarscáil ar lch. 32.

* Iarr ar na páistí an téacs a léamh, abair leo go bhfuil siad ag léamh ceisteanna agus freagraí, dírigh aird ar an phoncaíocht. Thiocfadh leo é a léamh ina mbeirteanna.

* Úsáid an scéal le turas an hata a leanúint ar an léarscáil ar lch. 32. Ainmnigh na rudaí a ndeachaigh an hata thart leo ar an turas.

* Amharc ar lch. 30. Iarr ar na páistí an litir s a aimsiú, an litir **t** a aimsiú, comhartha uaillbhreasa/comharthaí cainte a aimsiú.

* Thiocfadh leis na páistí téacs a scríobh faoi rud éigin eile a shéid an ghaoth, m.sh. mála, cóta, srl.

* Déan léarscáil leis na páistí den turas a dhéanann siad ar scoil, chuig an leabharlann, srl. Tabhair na páistí amach ag siúl agus déan léarscáil den turas.

# 4 Amharc amach ar an Fhuinneog




* Amharc amach ar an fhuinneog sa seomra ranga. Cad é a fheiceann tú?

* Taispeáin clúdach an leabhair agus an teideal  do na páistí. Léigh an teideal.

* Amharc ar an dá fhocal **Amharc** agus **amach**. Tá siad iontach cosúil lena chéile; pléigh na difríochtaí.

* Labhair leis na páistí faoin aimsir agus faoi na séasúir.

* Amharc tríd an leabhar, ar na pictiúir agus ar an leagan amach.

* Amharc ar lch. 3. Abair leo 'Amharc amach ar an fhuinneog, cad é a fheiceann tú?' Freagróidh siad le 'Feicim…' Déan an rud céanna le lch. 7 agus lch. 11.

* Amharc ar lch. 15. Úsáid an focal **tintreach**. Pléigh an focal, b'fhéidir go bhfuil an focal tine ann, nó pléigh cruth an fhocail.

* Iarr ar na páistí an leabhar a léamh.

* Iarr ar na páistí an leabhar a léamh ina mbeirteanna, ag glacadh sealanna, duine amháin ag léamh na gceisteanna agus an duine eile ag léamh na bhfreagraí.

* Labhair leis na páistí faoin phoncaíocht, comharthaí cainte, comharthaí uaillbhreasa, lánstadanna, camóga. Iarr orthu iad a thaispeáint duit.

* Imir cluiche leis na páistí (I Spy). 'Amharc amach ar an fhuinneog. Cad é a fheiceann tú? An bhfeiceann tú…..' Freagraíonn na páistí 'Feicim / Ní fheicim.'

* Labhair leis na páistí faoi na fuaimeanna atá ag na túslitreacha **f, s, a, c, t**, agus aimsigh na focail sa leabhar.

* Déan innéacs le cur leis an leabhar. Aimsigh na focail a bhaineann leis an aimsir, **grian**, **fearthainn**, **sneachta**, **tintreach**, cuir in ord aibítre iad agus scríobh uimhir an leathanaigh ar a bhfuil siad luaite taobh leo. Thiocfadh leis na páistí pictiúir a dhéanamh le dul leo.

4

# Déan Eitleog




* Labhair leis na páistí faoi eitleoga, taithí s'acu féin leo.

* Amharc ar na pictiúir ar chlúdach an leabhair leis na páistí, pléigh na hábhair atá le feiceáil. Léigh teideal an leabhair, an blurba, ainm an údair agus ainm an ghrianghrafadóra.

* Abair leis na páistí gur treoracha atá sa leabhar seo. Pléigh na difríochtaí idir an cineál seo leabhair agus scéal. Luaigh ábhair, áiseanna, treoracha, céimeanna, pictiúir/grianghraif.

* Léigh lch. 2 leis na páistí. Amharc ar gach pictiúr agus léigh na lipéid. Amharc siar ar an leathanach teidil agus pléigh cad é mar a úsáideadh na rudaí seo le heitleog a dhéanamh.

* Amharc ar na pictiúir sa leabhar agus pléigh cad é atá ag tarlú i ngach ceann trí cheisteanna a chur, m.sh.
- Cad é mar a dhéanann tú sifín níos giorra/lú ná sifín eile?
- Cad é mar a chuireann tú sifíní le chéile?
- Cad é an cruth a ghearrann tú den cheallafán?
- Cad é mar a ghreamaíonn tú an ceallafán de na sifíní?
- Cad é mar a mhaisíonn tú an eitleog?
- Cad é a chuireann tú ar an eitleog le cuidiú léi eitilt?
- Cad é a dhéanann tú leis an eitleog nuair a bhíonn sí críochnaithe?

* Iarr ar na páistí an leabhar a léamh, abair leo go dtig leo na pictiúir ar lch 2-3 a úsáid le cuidiú leo.

* Iarr ar na páistí a rá leat na céimeanna le heitleog a dhéanamh. Tig leo amharc ar na grianghraif de réir mar a labhraíonn siad.

* Dírigh aird s'acu ar na focail **úsáid**, **gearr**, **cuir**, **greamaigh**, **maisigh**, **ceangail** agus ar na litreacha **c, s, g, p, t.**

* Mínigh an difear idir **ceallafán** agus **cheallafán**, go bhfuil an dara ceann níos séimhe (séimhiú) agus go ndéanann an **h** an litir roimhe níos séimhe.

* Déan eitleoga leis na páistí ag leanúint na dtreoracha sa leabhar.

* Iarr ar na páistí a gcuid treoracha féin a scríobh.

# 4 Boscaí Iontacha



* Labhair leis na páistí faoi rudaí atá déanta acu féin as boscaí.

* Amharc ar chlúdach an leabhair leis na páistí; cad é an cineál leabhair é seo? Amharcaigí ar na pictiúir, an blurba, léigí an teideal agus ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar.

* Labhair leis na páistí faoi shlite beatha/jabanna, déan liosta ar leathanach mór.

* Tabhair cóip den leabhar do gach páiste, léigí an teideal le chéile.

* Úsáid clár an leabhair le rudaí a aimsiú sa leabhar. Labhair leis na páistí faoi gach pictiúr.

* Amharcaigí ar lch. 16. Léigh na slite beatha. Abair leis na páistí go bhfuil an liosta in ord aibítre. Roghnaigh na focail agus cuardaigh sa leabhar iad.

* Cuir tús leis an téacs a léamh trí cheisteanna a chur ar na páistí, m.sh.
- Cad é a thig liom a dhéanamh as an bhosca seo?
- Cé mé anois?

* Na focail **is iomaí** a mhíniú. Ciallaíonn siad **cuid mhór**.

* Déan comparáid idir an liosta a scríobh sibh roimhe agus na slite beatha atá luaite sa leabhar.

* Iarr ar na páistí an leabhar a léamh ina mbeirteanna, an clár agus an t-innéacs a úsáid.

* Iarr ar na páistí na focail ardmhinicíochta a thaispeáint duit, **mé**, **as**, **an**, **is**.

* Cuidigh leis na páistí liosta a dhéanamh de na rudaí a bheadh de dhíth orthu le bréagáin a dhéanamh as boscaí.

* Iarr ar na páistí pictiúir a dhéanamh de bhréagán a dhéanfadh siad as bosca agus abairtí a scríobh ag leanúint an phatrúin atá sa leabhar.
- Rinne mé ………as bosca. Is ……… mé.

# 4 Ag Súgradh ar an Trá




* Labhair leis na páistí faoin trá agus taithí s'acu féin.

* Amharc ar na pictiúir ar chlúdach an leabhair leis na páistí, pléigí na hábhair atá le feiceáil. Léigh teideal an leabhair, an blurba, ainm an údair agus ainm an ghrianghrafadóra.

* Amharcaigí tríd an leabhar agus pléigí na pictiúir.

* Tabhair cóip den leabhar do gach páiste sa ghrúpa. Léigh an leabhar do na páistí agus iad ag díriú méire ar na focail.

* Úsáid lipéad réamhdhéanta leis na focail **Thig linn** air. Iarr ar na páistí na focail seo a aimsiú sa leabhar.

* Cuir an lipéad **Thig linn** ar leathanach/clár mór. Déan liosta le moltaí ó na páistí de na rudaí eile a thig leo a dhéanamh.

* Amharcaigí ar an leabhar arís. Cuidigh leis na páistí leis na focail nua, **gaineamh**, **rothaíocht** (rothar), **poll**, **tochailt**, **spáda**, **portáin**, **cuardach**, **ainm**, **scríobh**, **fanacht**. Pléigí na fuaimeanna, na túslitreacha agus na leideanna sna pictiúir. (Ná bí ag dúil leis na páistí na focail seo a léamh go neamhspleach).

* Amharcaigí ar an abairt ar lgh. 12 –14. Mínigh gur abairt amháin atá ann agus go léiríonn na poncanna ar lch. 12 go leanfaidh an abairt ar aghaidh go dtí an chéad leathanach eile. Mar sin, níl ceannlitir ag tús lch. 14 de thairbhe nach tús abairte atá ann.

* Pléigí sábháilteacht faoin ghrian. Tabharaigí faoi deara go bhfuil hataí ar na páistí agus go bhfuil éadaí speisialta orthu. Pléigí uachtar gréine fosta.

* Thiocfadh libh taispeántas balla a dhéanamh faoin trá, go háirithe más téama ranga é.


4

# Leathanach Measúnaithe

| Moltaí | Measúnú | Torthaí Foghlama |
|---|---|---|
| Tabhair an leabhar don pháiste. Abair **"..... an teideal atá ar an leabhar seo. An dtig leat an clúdach a thaispeáint dom? Anois cuir do mhéar ar an teideal. Taispeáin dom an focal 'An',** (nó cibé focal atá sa teideal). | An aithníonn an páiste:<br>-an clúdach tosaigh? ❑<br>-an teideal? ❑<br>-an focal .....? ❑ | |
| Oscail an leabhar ag an leathanach teidil. Abair **"Cuir do mhéar ar na focail. Cuir do mhéar ar an phictiúr."** Abair **"Cad é atá ag tarlú sa phictiúr?"** | Ar an leathanach teidil, an aithníonn an páiste:<br>-na focail? ❑<br>-an pictiúr? ❑<br>-cad é atá ag tarlú? ❑ | |
| Oscail an leabhar ag an téacs. Abair **"Léifidh mise na leathanaigh seo. Taispeáin dom cá háit ar chóir dom tosú. Taispeáin dom an bealach le dul nuair atá mé ag léamh. Cuir thusa do mhéar ar gach focal a léim."** | An bhfuil a fhios ag an pháiste:<br>-cá háit le tosú ag léamh? ❑<br>-gur ó chlé go deas a léitear? ❑<br>An dtig leis an pháiste méar a dhíriú ar gach focal de réir mar a léitear é? ❑ | |
| Oscail ag leathanach ar a bhfuil comharthaí cainte. Abair **"Cuir do mhéar ar na comharthaí cainte. Cuir do mhéar ar an chamóg."** | An aithníonn an páiste:<br>-comharthaí cainte? ❑<br>-lánstadanna? ❑<br>-camóga? ❑ | |
| Roghnaigh leathanach don pháiste. Abair **"Taispeáin dom an litir t, b, c, srl."** (túslitreacha) | An dtig leis an pháiste na litreacha a aimsiú go muiníneach? | |
| Abair leis an pháiste **"Cuir do mhéar ar an fhocal ....."** (focal ardmhinicíochta) | An dtig leis an pháiste an focal a aimsiú go muiníneach? ❑ | |
| Cuir ceist ar an pháiste faoin téacs, (freagra sa téacs).<br>m.sh. **"Cad é a dúirt an faoileán faoin abhainn?"** | An bhfreagraíonn an páiste<br>-Níl mé i mo chónaí anseo? ❑<br>-An ndíríonn sé / sí méar ar an téacs? ❑ | |
| Cuir ceist ar an pháiste, msh. **"Cad é a rinne na páistí?"** (Ag Súgradh ar an Trá) | An dtuigeann an páiste an scéal? ❑ | |
| Abair leis an pháiste **"Amharc ar na pictiúir arís agus inis an scéal dom."** | An dtig leis an pháiste na pictiúir a úsáid leis an scéal a insint? ❑ | |

5

# Stad!




* Labhair leis na páistí faoi chomharthaí bóthair / sráide agus an chiall atá leo. Imir an cluiche '1, 2, 3, solas dearg'.

* Amharc ar chlúdach tosaigh agus clúdach cúil an leabhair. Cad é an cineál scéil a bheidh sa chnuasach seo?

* Tabhair cóip den leabhar do na páistí, amharc tríd an leabhar leo. Amharcaigí ar na pictiúir.

* Amharcaigí ar lch. 32. Pléigh na comharthaí leis na páistí. Cad é a shíleann siad a chiallaíonn siad?

* Oscail ag clár an leabhair. Léigh amach na teidil. Iarr ar na páistí uimhreacha na leathanach a ainmniú.

* Amharcaigí ar lch. 2. Léigh teideal an dáin. Amharcaigí ar na soilse tráchta. Léigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar.

* Léigh an dán do na páistí ag díriú méire ar na focail. Pléigh an dán agus na pictiúir leis na páistí.

* Amharc ar na focail a dhéanann rím, **dearg / fearg**, **buí / cuí**, **gabh / stró**, **fosta / crosta**.

* Léigh an dán arís. Iarr ar na páistí na bosa a bhualadh nuair a chluineann siad focal a dhéanann rím le **dearg** srl.

* Iarr ar na páistí an rithim a bhualadh agus tú ag léamh an dáin.

* Labhair faoi na comharthaí cainte agus gurb iad na soilse féin atá ag caint.

* Amharc ar na comharthaí uaillbhreasa agus an dóigh a n-athraíonn do ghlór nuair a léann tú iad.


* Déan dráma den dán.

* Déan pictiúir le péint de shoilse tráchta. Scríobh ainmneacha na ndathanna taobh leo.

* Lig do na páistí scríobh faoi thaithí s'acu féin le soilse tráchta.

* Scríbhneoireacht mhúnlaithe - Scríobhaigí an dán le chéile ar leathanach mór, ag díriú airde ar litreacha agus ar litriú. Amharcaigí ar na patrúin sna focail a dhéanann rím. Mínigh go mbíonn ceannlitir ag tús gach líne sa dán.

# 5 Stad agus Gabh




* Labhair leis na páistí faoi thuras s'acu féin chun na scoile.

* Amharc siar ar chlár an leabhair agus aimsigh tús an scéil arís.

* Amharc ar lch. 8. Léigí an teideal agus ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar. Amharcaigí ar an phictiúr ar lch. 9.

* Amharcaigí agus pléigí gach pictiúr sa leabhar. Pléigí na soilse tráchta i ngach pictiúr.

* Pléigí an comhartha ar lch. 14. Cad é a chiallaíonn sé?

* Cuir tús leis an téacs trí cheisteanna a chur ar na páistí, m.sh.
- Cad é a dúirt Ben nuair a chonaic sé solas dearg?
- Cad é a dúirt Sailí nuair a chonaic sí solas glas?
- Cá raibh Daidí nuair a dúirt sé 'Amharc agus foghlaim'?
- Cé a dúirt 'Gabh' ar an trá?

* Pléigh lch. 18-19 leis na páistí. An aithníonn siad an greann?

* Iarr ar na páistí an scéal a léamh iad féin. Ba chóir go mbeadh a fhios acu na focail **Amharc**, **agus**, **arsa**, **Mamaí**, **Daidí**.


* Iarr ar na páistí a insint duit cad é a d'fhoghlaim Ben agus Sailí ar gach leathanach.

* Amharc ar na comharthaí ar lch. 32. Aimsigh na cinn a chonaic siad sa scéal seo.

* Amharc ar lch. 12. Iarr ar na páistí comharthaí cainte, comharthaí uaillbhreasa, lánstad, camóg a thaispeáint duit. Ansin iarr orthu **A** agus **a** a thaispeáint duit, focal a thosaíonn le **f** agus focal a chríochnaíonn le **n**.

* Iarr ar na páistí scríobh faoi am ar dúradh leo 'Amharc agus foghlaim'.

# 5 Cé a Stad an Trácht?




* Iarr ar na páistí a oiread feithiclí a ainmniú agus a thig leo. Déan liosta ar leathanach mór.

* Amharc ar lch. 20-21 leis na páistí. Déan liosta de na hainmhithe.

* Aimsigh teideal an leabhair sa chlár leo.

* Léigí an teideal. An dtig leis na páistí freagraí a mholadh ar an cheist?

* Amharcaigí ar na pictiúir sa leabhar. Pléigí iad. An dtuigeann siad an greann?

* Cuir ceisteanna ar na páistí leis an téacs a léamh, m.sh.
-Cad é a tháinig nuair a bhí an eilifint ag iarraidh dul trasna an bhóthair?
-Cad chuige ar roghnaíodh séabra leis an trácht a stopadh, do bharúil?

* Iarr ar na páistí  an téacs a léamh, tá athrá ann síos tríd an leabhar agus leideanna sna pictiúir do rud ar bith úr.

* Léigí lch. 28 le chéile, ag díriú airde ar phoncaíocht.


* Iarr ar na páistí na dathanna **dearg**, **gorm**, glas a aimsiú ar lch. 22, 24, 26. Amharc fosta ar na focail eile a dhéanann cur síos ar na feithiclí, **mór** agus **beag**.  Cuidíonn na focail sin linn an pictiúr a shamhlú.

* Labhair leis na páistí faoin fhocal **ach**, agus go gcuireann sé dhá fhrása le chéile.

* Iarr ar na páistí scríobh faoi ainmhí eile ag iarraidh dul trasna an bhóthair ag úsáid an struchtúir chéanna atá sa leabhar.

* Iarr ar na páistí comhartha a roghnú ó lch. 32 agus é a phéinteáil agus a mhíniú.

# 5 Cad é atá ann?




* Imir cluiche 'Cad é atá ann?' leis na páistí, msh. 'Tá sé mór agus donn, tá ceithre chos air, cad é atá ann......?'

* Amharcaigí ar chlúdach an leabhair, léigí an teideal agus na hainmneacha. Cad chuige a bhfuil píosaí de mhíreanna mearaí ar an leabhar?

* Tabhair cóip den leabhar do gach páiste. Amharc ar lch. 24. Cuir i gcuimhne dóibh faoi innéacs, ord aibítre.

* Amharc ar na pictiúir. Abair leo gur cuid d'fhionnadh nó de chraiceann an ainmhí atá ann. An dtig leo an t-ainmhí a ainmniú?

* Amharcaigí ar lch. 22-23. Iarr ar na páistí na píosaí a mheaitseáil leis na hainmhithe.

* Amharcaigí tríd an leabhar leis na páistí. Mínigh nach scéal atá sa leabhar seo agus nach bhfuil tús, lár ná deireadh leis.

* Iarr ar na páistí an leabhar a léamh ina mbeirteanna. Tig leo an t-innéacs a úsáid.

* Lig do na páistí scríobh faoi ainmhí eile ar an dóigh chéanna. Taispeáin dóibh an dóigh le píosa páipéir a fhilleadh le poll a dhéanamh ann. Lig dóibh na leathanaigh a mhaisiú.

# 5 Ná Déan Dearmad




* Amharc ar chlúdach an leabhair, an teideal agus na hainmneacha leis na páistí.

* Amharcaigí ar an leathanach teidil. Cad chuige a bhfuil an cailín ag ceangal píosa sreinge ar a méar?

* Amharcaigí tríd an leabhar ar na pictiúir. Labhair faoi shabháilteacht leis na páistí.

* Athrá tríd an leabhar. Ceist agus freagra.

* Cuir ceisteanna ar na páistí, m.sh.
- Cá bhfuil Ciara ag dul?
- Cad é ba mhaith le Ciara a dhéanamh inniu?
- An ndearna Ciara dearmad ar a ...?
- Cé atá ag iarraidh dul amach sa pháirc le Ciara?

* Cuir i gcuimhne do na páistí nach bhfuil ceannlitir ag tús lch. 4 cionn is go bhfuil an abairt ag leanúint ón lch. roimhe.

* Amharc ar na comharthaí cainte, comharthaí ceiste agus na poncanna a insíonn dúinn nach bhfuil an abairt críochnaithe.


* Mínigh an focal **atáimid**, gur dhá fhocal le chéile atá ann.

* Iarr ar na páistí an leabhar a léamh, leo féin nó ina mbeirteanna. Cuidigh leo le focail nua.

* Amharc ar lch. 10. Iarr ar na páistí focail a aimsiú a thosaíonn le **c**. Mínigh an difear idir **cuairt** agus **chuig**, nach bhfuil an fhuaim **c** le cluinstin i **chuig** mar gheall ar an **h** (agus go bhfuil sé séimh).

* Lig do na páistí cur leis an leabhar. Tig leo smaoineamh ar ócáidí eile den chineál seo agus rudaí le cuimhneamh orthu. Thiocfadh leis na páistí abairtí a scríobh ar an dóigh chéanna, m.sh.
- ‘Ba mhaith liom dul sa linn snámha.’
‘Ná déan dearmad.... ar d’eiteoga uisce.’
- ‘Ba mhaith liom teach a thógáil.’
‘Ná déan dearmad... ar do hata crua.’

# 5 Táimid ag Súgradh



* Labhair leis na páistí faoi dhrámaí. Cad é atá ar eolas acu cheana féin?

* Taispeáin clúdach an leabhair dóibh. Cad iad na hainmhithe a fheiceann siad? Mínigh go bhfuil an pictiúr déanta le páipéar gearrtha.

* Amharcaigí ar an leathanach teidil. Amharcaigí ar ainmneacha na gcarachtar. Amharcaigí ar na túslitreacha agus ar na fuaimeanna a dhéanann gach focal. Mínigh go bhfuil pictiúr agus lipéad ag gach carachtar.

* Mínigh **Iad uilig** agus go gciallaíonn sé sin go bhfuil na hainmhithe uilig ag caint san am céanna.

* Labhair leis na páistí faoi na dóigheanna a mbogann na hainmhithe, m.sh. luascadh (moncaí), dul i bhfolach (turtar), eitilt (éan).

* Cuir ceisteanna ar na páistí, m.sh.
- Cé a dúirt 'An dtig libhse luascadh?
- Cad é a dúirt Turtar le Moncaí?

* Mínigh nach mbíonn comharthaí cainte i ndráma.

* Iarr ar na páistí an scéal a insint trí amharc ar na pictiúir.

* Cuir na páistí i ngrúpaí agus tabhair páirteanna na n-ainmhithe dóibh le léamh.

* Amharc ar an phoncaíocht sa dráma.

* Scríobh **Táimid ag** _____ ar leathanach mór agus iarr ar na páistí moltaí a thabhairt, m.sh. léim, rith, ceol, siúl, srl.

* Déan mascanna leis na páistí ar pháipéar daite, iarr orthu an dráma a léamh agus na mascanna orthu.

# 5 An Chuileog




* Labhair leis na páistí faoi chlúdach an leabhair. Léigí an teideal, an blurba agus na hainmneacha. Labhair leo faoin phictiúr, cad é an ceangal atá idir an frog agus an chuileog?

* Amharcaigí ar an leathanach teidil. Cad é an ceangal atá idir an damhán alla agus an chuileog?

* Amharcaigí ar na pictiúir sa leabhar. Ba mhaith le gach carachtar an chuileog a ithe. Labhair leo faoi bhiashlabhraí.

* Tá athrá ar gach leathanach go dtí lch. 6. Cuidigh leis na páistí na focail nua a láimhseáil trí cheisteanna, m.sh.
- Cé atá sa phictiúr seo?
- Cad é a dúirt an damhán alla/laghairt/iasc leis an chuileog?
- Cad é a rinne an chuileog?
- Cá raibh an frog ina shuí?
- Cad é a rinne an chuileog an iarraidh seo?

* Iarr ar na páistí an leabhar a léamh iad féin.

* Amharc ar lch. 14. Labhair leis na páistí faoi na comharthaí cainte, na comharthaí uaillbhreasa agus an lánstad.

* Scríobh abairtí eile faoi ainmhithe eile sa bhiashlabhra, m.sh.
- **Bhí luchóg ar an urlár agus chonaic sí cat........**

5

# Leathanach Measúnaithe

| Moltaí | Measúnú | Torthaí Foghlama |
|---|---|---|
| Tabhair an leabhar don pháiste. Abair **“..... an teideal atá ar an leabhar seo. An dtig leat an clúdach a thaispeáint dom? Anois cuir do mhéar ar an teideal. Taispeáin dom an focal ‘An’,”** (nó cibé focal atá sa teideal). | An aithníonn an páiste:<br>-an clúdach tosaigh? ❑<br>-an teideal? ❑<br>-an focal .....? ❑ | |
| Oscail an leabhar ag an leathanach teidil. Abair **“Cuir do mhéar ar na focail. Cuir do mhéar ar an phictiúr.”** Abair **“Cad é atá ag tarlú sa phictiúr?”** | Ar an leathanach teidil, an aithníonn an páiste:<br>-na focail? ❑<br>-an pictiúr? ❑<br>-cad é atá ag tarlú? ❑ | |
| Oscail an leabhar ag an téacs. Abair **“Taispeáin comhartha uaillbhreasa dom. Taispeáin comharthaí cainte dom.<br>Léigh focal ar bith atá ar eolas agat ar an leathanach seo.”** | An aithníonn an páiste:<br>-comhartha uaillbhreasa? ❑<br><br>- comharthaí cainte? ❑<br><br>An dtig leis an pháiste cuid de na focail a léamh? ❑ | |
| Oscail ag leathanach ar a bhfuil téacs. Abair **“Taispeáin focal dom a thosaíonn le __. Taispeáin dom an focal ____.”** | An aithníonn an páiste:<br>-an túslitir? ❑<br>-an focal ____? ❑ | |
| Roghnaigh leathanach eile don pháiste. Abair Taispeáin dom na focail ____ agus ______. | An dtig leis an pháiste na focail a aimsiú go muiníneach? ❑ | |
| Cuir ceist ar an pháiste faoin téacs, (freagra sa téacs).<br>m.sh. Cad é an t-ainmhí a chonaic an chuileog an iarraidh seo? | An bhfreagraíonn an páiste<br>- tríd an abairt a léamh ón leabhar? ❑ | |
| Iarr ar an pháiste trí leathanach a léamh i ndiaidh a chéile. | An dtig leis an pháiste<br>-lch ___ a léamh? ❑<br>-lch ___ a léamh? ❑<br>-lch ___ a léamh? ❑ | |
| Abair leis an pháiste **“Amharc ar an phictiúr ar lch. 16 (An Chuileog). Cad é mar a mhothaíonn an frog, i do bharúil?”** | An dtig leis an pháiste na pictiúir a úsáid le cur síos a dhéanamh ar an fhrog? ❑ | |